Rewarding Learning

**ADVANCED (A2)**

**General Certificate of Education**

**2019**

# Ealaín agus Dearadh

Aonad Measúnaithe A2 2

*ag measúnú*

Toradh Téamach

AAR21

## [AAR21]

### Ar fáil ar líne ó Lúnasa 2018 d'Aonad A2 1: Imscrúdú Pearsanta agus Criticiúil

## AG TOSÚ AR 1 FEABHRA 2019

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Ba chóir go mbeadh an obair seo comhlánaithe tuairim is seachtain amháin sula gcuirfear na marcanna chuig CCEA.
Is é **60** an marc iomlán don pháipéar seo.
Moltar d'iarrthóirí an páipéar ar fad a léamh roimh obair ar bith a thosú.
Is féidir treoir ar mhaoirseacht, ar thacaíocht agus ar fhíordheimhneacht a fháil ach í a iarraidh nó is féidir í a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA ag www.ccea.org.uk

### OBAIR ULLMHÚCHÁIN

Ní mór duit obair ullmhúcháin a chur ar fáil mar thacaíocht le do Thoradh Téamach. Níl aon srianta leis an am nó an áit ar féidir tabhairt faoin obair ullmhúcháin.
Ní mór don obair ullmhúcháin **uilig** a bheith fíordheimhnithe ag do mhúinteoir.

### AN FHREAGAIRT DEIRIDH

Tosaíonn an tréimhse scrúdúcháin don Toradh Théamach ar 1 Feabhra i mbliain an scrúdaithe. Caithfear an fhreagairt deiridh a chomhlánú taobh istigh den lárionad agus is féidir í a thosú am ar bith le linn na tréimhse scrúdúcháin. Ní mór di a bheith fíordheimhnithe ag do mhúinteoir. Cuirfidh an lárionad 15 uair an chloig d'am feitheoireachta ar fáil le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlánú deiridh an tsaothair. Ba chóir an obair ullmhúcháin agus an toradh a thabhairt do do mhúinteoir le go mbeidh measúnú déanta orthu agus modhnóireacht ina dhiaidh sin ag modhnóir de chuid CCEA.

**Treoracha d'iarrthóirí**

A2 2, An Toradh Téamach, is páipéar spreagthach é atá socraithe go seachtrach a chuirfidh pointí tosaigh molta ar fáil a thagann amach as téama socraithe a bhíonn eisithe ag CCEA ag tús an chúrsa A2.

Is féidir tabhairt faoin téama trí cheann ar bith de na speisialtóireachtaí GCE Ealaín agus Dearadh seo a leanas:
- Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar;
- Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe;
- Dearadh Tríthoiseach; nó
- Teicstílí.

**Critéir Mheasúnaithe**
Agus do chuid oibre á marcáil, bainfear úsáid as na cuspóirí measúnaithe seo a leanas:

**CM1** **Eolas agus Tuiscint:** Smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe marthanacha agus fócasaithe a dhéanamh a bheidh bunaithe ar fhoinsí comhthéacsúla agus eile, ag léiriú tuiscint atá anailíseach agus criticiúil.

**CM2** **Próiseas cruthaitheach:** Acmhainní, meáin, ábhair, teicnící agus próisis chuí a fhiosrú agus a roghnú, agus smaointe a athbhreithniú agus a bheachtú de réir mar a fhorbraíonn obair.

**CM3** **Scileanna:** Smaointe, breathnuithe agus aon léargas atá ábhartha do chuspóirí a thaifeadadh, agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar obair agus dul chun cinn.

**CM4** **Toradh:** Freagairt phearsanta bhríoch a chur i láthair a chuireann cuspóirí i gcrích agus, an áit ar cuí é, a dhéanann ceangail idir eilimintí amhairc agus eile.

Anseo thíos tá leithdháileadh céatadánach na marcanna don aonad seo:
- CM1 13.3% [8 marc]
- CM2 13.3% [8 marc]
- CM3 13.3% [8 marc]
- CM4 60% [36 marc]

Ba chóir duit an páipéar ar fad a léamh.

Moltar duit tosú ar smaointe a fhiosrú don téama seo le linn Aonad 1, an tImscrúdú Pearsanta agus Criticiúil, ionas go mbeidh tú ábalta tarraingt ar d'obair agus d'fhorbairt thurgnamhach in Aonad 1 le toradh a tháirgeadh le linn Aonad 2, an Toradh Téamach.

Is féidir go bhfaighidh tú inspioráid ó na smaointe, ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí atá luaite fud fad an pháipéir, ach táthar ag dúil le go ndéanfaidh tú smaointe a fhiosrú agus obair a tháirgeadh go príomha i meáin agus i ndisciplíní a bhaineann le do speisialtóireacht roghnaithe. San Ealaíon, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar, cuimsíonn seo na disciplíní ar fad.

Tabharfaidh do mhúinteoir treoracha cruinne duit ar chomhlánú agus ar mheasúnú do chuid obair ullmhúcháin agus na socruithe atá déanta do na seisiúin tástála rialaithe agat.

**Staidéar Ullmhúcháin**
Ní mór duit do Léiriú Intinne, d'obair ullmhúcháin, do thoradh/thorthaí deiridh, agus do luacháil scríofa a chur i láthair le haghaidh measúnú. D'obair ullmhúcháin, ní mór di tacú le táirgeadh an toraidh deiridh agus is féidir léi bheith i bhfoirm leabhar oibre, leabhair sceitseála, leathanaigh scaoilte, nó aon mheán cuí traidisiúnta nó digiteach eile atá déthoiseach nó tríthoiseach. Ba chóir í a chur i láthair leis an toradh leis na critéir mheasúnaithe uilig atá liostaithe a chomhlíonadh.

**Ní mór gur leat féin í an obair uilig a chuirtear i láthair don scrúdú seo.**

**Treoir**

Ba chóir duit:

- Léiriú Intinne a tháirgeadh, nach bhfuil níos mó ná 300 focal ann, ina dtugtar breac-chuntas ar an dóigh a bhfuil sé ar intinn agat na smaointe seo a fhorbairt i dtreo toraidh. Níor chóir dó seo do phróiseas cruthaitheach a theorannú agus is féidir leis na cuspóirí agat athrú de réir mar a théann do chuid oibre ar aghaidh. Is féidir leat é seo a léiriú sa luacháil agat.
- An obair ullmhúcháin agat a fhorbairt agus a chur i láthair. Is féidir go gcuimseoidh sé líníochtaí, pictiúir phéinteáilte, colláisí, grianghrafadóireacht, leathanaigh dearaidh, samplaí, maquettes, nó fréamhshamhlacha atá ábhartha don speisialtóireacht agat, i meáin thraidisiúnta nó dhigiteacha.
- Tuiscint a léiriú ar na heilimintí foirmiúla agus na prionsabail dearaidh a bhaineann le healaín, ceardaíocht agus dearadh.
- Réimsí eolais agus scileanna a d'fhiosraigh tú i rith an chúrsa a thabhairt le chéile agus naisc a dhéanamh eatarthu.
- Eolas a léiriú ar fheidhmeanna, ar lucht féachana, ar thomhaltóirí agus ar chomhthéacsanna a bhaineann leis an tsaol dáiríre.
- Tuiscint chomhthéacsúil a léiriú ar obair cleachtóirí eile agus ar do speisialtóireacht roghnaithe.
- Meáin, ábhair nó teicnící cuí a roghnú atá fóirsteanach le do thoradh a tháirgeadh.
- Do chuid smaointe a athrú agus a bheachtú de réir mar a théann siad chun cinn.
- Pleanáil agus ullmhú do tháirgeadh an toraidh deiridh a dhéanamh a fhoireann don am atá ar fáil.
- Toradh a tháirgeadh a léiríonn do chuid cuspóirí.
- An obair ullmhúcháin chomhlánaithe agus an toradh agat a chur i láthair i modh cuí.
- Luacháil ghairid scríofa ar an Toradh Théamach agat a chomhlánú. (Uasmhéid 300 focal)
- An obair seo a chur ar fáil le haghaidh marcáil agus modhnóireachta nuair a iarrann do lárionad ort é a dhéanamh.

## TÉAMA: Léiriú

Is cuid bhunúsach í léiriú den chruthú i gcuid mhór réimsí den ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Is féidir gur úsáid eispriseach as eilimintí na meán nó eilimintí amhairc a bheith i gceist, nó léiriú braistintí nó mothúcháin, nó léiriú smaointe nó creidiúintí atá ag cleachtóir a bheith ann. Is sainmhíniú amháin ar an ealaín é '*an léiriú nó cur i bhfeidhm scil agus samhlaíocht chruthaitheach an duine*'. Cuireann cultúir a bhféiniúlacht choiteann in iúl trína gcuid ealaíon, ceardaíocht agus dearaí. Thig leis na healaíona amhairc tacaíocht a léiriú ar son smaointe nó polaitíochta na linne seo nó cur ina gcoinne.

**Ar na sainmhínithe de léiriú tá:**

- *Na smaointe, mothúcháin, na creidiúintí nó tuairimí atá ag duine a chur in iúl*
- *Mothúcháin a chur in iúl i saothar ealaíne*
- *Focal nó frása a úsáid le smaoineamh a chur in iúl*
- *Rud a nochtann nó a chuireann rud éigin in iúl*
- *Dreach ar aghaidh duine a chuireann mothú ar leith in iúl*

**Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar**

Thig leis na heilimintí amhairc den ealaín agus dearadh brí, mothúchán, smaointe agus insint a léiriú nó a spreagadh. Is féidir smaointe faoi stádas agus cumhacht a chur in iúl trí leagan amach nó trí scála na n-eilimintí taobh istigh de shaothar. Thig le cineálacha difriúla línte mothúcháin nó braistintí a chruthú ag brath ar mheáchan, treo, rithim agus fuinneamh. Is féidir le dath nó ganntanas datha dul i bhfeidhm ar an bhreathnóir trí shuaimhneas nó míshuaimhneas a chothú ann. Is féidir le húsáid gealdorcha (*chiaroscuro*) éifeachtaí drámata a chruthú. Is féidir peirspictíocht líneach a úsáid leis an tsúil a tharraingt chuig an chuid is tábhachtaí de shaothar. Is féidir le hobair ilmheán freagairt an bhreathnóra a ionramháil trí amhairc agus fuaim a chumasc.

Chuir na healaíontóirí **eispriseanaíocha** dath agus foirm ina saothar as a riocht lena mothúcháin phearsanta a léiriú, seachas an réaltacht amhairc a léiriú. Is samplaí maithe den ghluaiseacht seo iad saothar **Ludwig Kirchner**, déantóir priontaí, agus duine **d'eispriseanaithe na Gearmáine** é agus saothar an phéintéara **Oskar Kokoschka**. Spreag **Erich Mendelson** mothúcháin agus braistintí anama trí fhoirmeacha nua, díchumtha a úsáid seachas stíleanna stairiúla. Thréig an déantóir scannán **Robert Wiene** (***The Cabinet of Dr. Caligari***) an réalachas, agus bhain sé úsáid as uillinneacha áibhéileacha agus soilsiú atmaisféarach le cuid mhór codarsnachta le téamaí dorcha den **Chineama Eispriseanaíoch** a léiriú. Chruthaigh na ***Fauves*** saothair bheoga trí dhathanna lonracha mínádúrtha, foirmeacha simplithe agus stríoca scuaibe scaoilte a úsáid.

Chruthaigh na **hEispriseanaithe Teibí** saothair ealaíne a bhí neamh-mhacasamhlach ach a bhí eispriseach nó mothúchánach chomh maith. D'imir an **tOsréalachas** agus an ghaolmhaireacht idir léiriú an fho-chomhfheasa agus an chomhfheasa tionchar orthu. Bhain **Beo-Phéintéirí** amhail **Willem de Kooning** úsáid as scuaba móra le marcanna scuabacha a chruthú ach dhoirt **Jackson Pollock** péint go fuinniúil ar chanbháis a bhí curtha ar an urlár. Bhain **Mark Rothko** úsáid as achair mhóra de dhathanna comhchuí ina phictiúir don **Rothko Chapel** le mothú machnaimh a chothú sa bhreathnóir.

Bhain **Pablo Picasso** úsáid as na dathanna dubh, bán agus liath a mhéadaíonn an dráma ina mhúrphictiúr ***Guernica***, a léiríonn buamáil an bhaile bhig seo sa Spáinn le linn Chogadh Cathartha na Spáinne. Tá clú ar phriontaí agus ar líníochtaí monacrómacha de chuid **Käthe Kollwitz** as an chumhacht mhothúchánach de léiriú na fulaingthe. Léiríonn na dealbha ***Women of Belfast*** nó ***Bomb Blast***, de chuid **F.E. Mc William** fíoracha atá caite tríd an aer le fórsa. Na dealbha díchumtha dinimiciúla le **Tim Shaw**, amhail ***Man on Fire*** tugann siad chun cuimhne uafás cogaidh agus uafás na sceimhlitheoireachta in áiteanna éagsúla thart ar an domhain, agus a shaol i mBéal Feirste le linn a óige chomh maith. Tá ***Poppies: Weeping Window*** le **Paul Cummins** agus **Tom Piper** mar chuid de chlár ealaíne na RA do chomóradh cead bliain den Chéad Chogadh Domhanda. Is siombail é an suiteán den líon ollmhór daoine a maraíodh lena fharraige de phoipíní ceirmeacha, atá ar dhath dearg na fola.

San am a chuaigh thart, léiríodh téacsanna reiligiúnacha do dhaoine gan léamh go físiúil tríd an phéintéireacht. Léirítear briseadh croí na Maighdine Muire leis an Chríost mharbh ina gabháil aici sa **Pietà**, péintéireacht agus dealbha de chuid an ***Renaissance***. Bíonn cáilíochtaí spioradálta seachas cáilíochtaí fisiciúla réad a léiriú trí théacsanna callagrafacha agus trí phatrúin shiombalacha san **Ealaín Ioslamach**. Chuir **Le Corbusier** ballaí bána agus fuinneoga beaga de ghloine shoiléir agus fuinneoga gloine péinteáilte de láimh i gcodarsnacht lena chéile ina shaothar **Notre Dame du Haut Chapel**. Ba é an cuspóir go gcruthódh éifeacht an tsolais ag teacht isteach sa tséipéal atmaisféar machnamhach ann. Is léiriú den chreideamh Chríostaí

í an **Ailtireacht Ghotach** leis na háirsí rinneacha ag stiúradh na súile i dtreo na bhFlaitheas agus an ghloine dhaite ag spreagadh an phobail chun adhartha.

Maireann an téama de **Mháthair agus Leanbh** ó thús deireadh i stair na h-ealaíne. Léirigh **Henry Moore** dlúithe na gaolmhaireachta sin i saothar déthoiseach agus tríthoiseach araon. Ba mhinic a bearradh a shaothair leis an fhócas a dhíriú ar an leanbh i mbaclainn a mháthar. Is dealbh ollmhór í ***Maman*** de chuid **Louise Bourgeois** a sheasann go cosantach os cionn an bhreathnóra, lena hubhshac ag crochadh faoina corp. Amharctar ar an dealbh mar ómós siombalach don mháithreachas.

Baineann ealaíontóirí úsáid as an tsiombalachas ina saothar le braistintí, smaointe nó mothúcháin a léiriú. Léiríonn féinphortráidí dírbheathaisnéiseacha de chuid **Frida Kahlo** an phian fhisiciúil a d'fhulaing sí ar fud a saoil. Léiríonn eitseálacha de shíciatraithe agus a n-othar le **Gemma Anderson** a saolta inmheánacha agus a mothúcháin. Tá pearsantacht **Maggi Hambling** á léiriú trí línte agus dathanna dinimiciúla agus siombalachas dinimiciúil a úsáid go heispriseach ina féinphortráidí agus insíonn siad scéal a beatha. Na dealbha ar mhórscála d'ainmhithe agus de dhaoine le **Niki de Saint Phalle**, cuireann siad spórt agus greann in iúl trí úsáid dathanna bríomhara agus foirmeacha áibhéalacha.

Is léiriú den stádas agus de na róil inscne iad éadaí le fada an lá. Cheistigh **Yohji Yamamoto** tuairimí traidisiúnta faoin bhanúlacht i saol an fhaisin, trí fhoirmeacha a chruthú a chuir foirm na mná faoi cheilt nó a chuir ina coinne. Cuireann léiriúchán an duine nocht san ealaín in iúl na hidéil de fhoirm an fhireannaigh agus an bhaineannaigh de réir mar a athraíonn siad le himeacht ama.

De ghnáth bíonn tábhacht an ábhair i portráid á léiriú trí chumadóireacht, scála, suíomh agus siombalachas mar atá sa phictiúr de ***Napoleon Crossing the Alps*** le **Jacques-Louis David**. Ba mhinic a bhí léiriú stádas an ábhair níos tábhachtaí ná cosúlacht bheacht de a chruthú.

Is féidir ealaín ghrafach a úsáid le tacú le saincheisteanna polaitiúla agus sóisialta nó le cur ina gcoinne. Nocht **John Heartfield** a easaontas leis an Naitsíochas agus Faisisteachas ina ealaín pholaitiúil. Is cineál ealaíne í **clóghrafaíocht eispriseach** ina n-úsáidtear téacs le híomhánna a chruthú nó brí a chur in iúl. Baineadh úsáid as **micreaghrafaíocht** i lámhscribhinní sa Bhíobla Eabhraise – is é sin nuair a úsáidtear téacs le híomhánna a chruthú trí línte intuigthe a úsáid. Baineann **Meg Hitchcock** úsáid as focail as téacsanna reiligiúnacha de chóras creidimh amháin le smaointe nó creidiúintí de chóras creidimh eile a chur in iúl ina líníochtaí téacs. Úsáideann **Cy Twombly** marcanna gotacha eispriseacha atá bunaithe ar an scríbhneoireacht agus ar an litríocht ina chuid pictiúr. Baintear úsáid as beochan físeáin ina gcuirtear gluaiseacht agus téacs le chéile le smaointe a chur in iúl i **gClóghrafaíocht Chinéiteach**. Baintear úsáid go minic as téacs beoite i sraitheoga i dteidil scannán le sceitimíní a chruthú agus le hatmaisféar an scannáin a thabhairt le fios. Dúisíonn dearaí grafacha de chuid **Annie Atkins** mothú d'am agus d'áit i scannáin amhail ***The Grand Budapest Hotel***.

**Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe**

Bhain grianghrafadóirí áirithe triail as próisis theicniúla le héifeachtaí eispriseacha a chruthú. Bhain **Robert Demachy** úsáid as teicnící amhail próiseas déchrómáite guma, aistriú ola agus an geilitín a scríobadh lena ghrianghraif a ionramháil agus éifeachtaí péintéiriúla a chruthú. Tá clú ar **Naitō Masatoshi** as úsáid eispriseach de splanc-ghrianghrafadóireacht, a bhíonn ag díriú go minic ar reiligiúin na ndaoine agus ar thraidisiúin na ndaoine. Na grianghraif atmaisféaracha dubh agus bán den tírdhreach de chuid **Michael Kenna**, glactar iad ag bánú an lae nó ag clapsholas agus nochtadh fada suas go dtí 10 n-uair an chloig in úsáid.

Cé gur féidir leis an ghrianghrafadóireacht nóiméad amháin ar am áirithe a thaifeadadh, is féidir í a úsáid fosta le hinsint bhréagach a chruthú. Baintear úsáid as aisteoirí le radhairc as an ghnáthshaol a athchruthú i bportráidí cineamatacha de mhná le **Hannah Starkey**. Sa tsraith ***War*** le **James Welling**, chruthaigh sé tírdhreacha samhailteacha, agus ansin scrios sé iad agus ansin thóg sé ghrianghraif díobh i spás fíorúil. Tá tírdhreacha le dathanna eispriseacha cosúil le pictiúir de chuid na **Fauves** á léiriú ina shraith ***Glass House***. Bíonn sé ag baint triail as próisis na grianghrafadóireachta idir digiteach agus traidisiúnta agus iad a chumasc le samhaltú ar ríomhaire agus scannán.

Úsáideann cuid mhór grianghrafadóirí a saothar le saincheisteanna den fhéiniúlacht chultúrtha a fhiosrú. Cuirtear na téamaí polaitiúla agus sóisialta den Afraic Theas le linn óige **William Kentridge** in iúl sna scannáin bheochana lámhlínithe agus corraitheacha dá chuid. Léirítear an tsuim atá ag **Yong Soon Min** i saincheisteanna a bhaineann le hionadaíocht agus féiniúlacht chultúrtha ina saothar. Taispeántar na tréithleithleachais atá ag tréithe cultúrtha éagsúla sna grianghraif ghreannmhara le **Martin Parr**.

Léiríonn an grianghraf íocónach ***The Terror of War*** le **Nick Ut**, an fóta-iriseoir a bhain an duais Pulitzer, an t-uafás a bhain le Cogadh Vítneam agus meastar go bhfuil sé ar cheann de na híomhánna is sainiúla den choimhlint sin. Thóg **Robert Capa** a chuid ghrianghraf den dul i dtír sa Normainn nuair a bhí sé ag dul chun cinn i gcuideachta na saighdiúirí. Cuireann na híomhánna doiléire insint láidir in iúl ag léiriú scéin agus anord na láithreach. Cruthaíodh sraith **Sally Mann *Battlefields*** trí úsáid an phróisis de chollóidian fliuch, rud a chruthaigh íomhánna uaigneacha atmaisféaracha de thírdhreacha folmha a thugann ar bhreathnóirí smaoineamh orthu siúd a fuair bás i gcath.

Is féidir le grianghrafadóireacht smaointe a chur in iúl faoi shaincheisteanna timpeallachta a bhaineann le domhan atá ag athrú go gasta. Léirítear an choimhlint idir an duine agus an dúlra le fás na gcathracha sa tSín le hionramháil grianghraf **Di Liu**. Cuireann **Anna Beeke** a suim i gcaomhnú na timpeallachta in iúl ina sraith **Sylvania** de ghrianghraif uaigneacha foraoisí. Léiríonn **Naoya Hatakeyama** an tsuim atá aige sa teannas idir cultúr an duine agus an dúlra ina shaothar. Glacadh na grianghraif aige don tsraith radharc ***Slow Glass*** trí dheora uisce ar phlátghloine, rud a chruthaigh éifeachtaí atmaisféaracha agus péintéiriúla.

**Dearadh Tríthoiseach**

Bunaíodh an mantra a bhí ag **Louis Sullivan** "*múnlaíonn an fheidhm an fhoirm [i gcónaí]*" ar an smaoineamh gur chóir go léireodh an fhoirm atá ar fhoirgneamh nó ar réad an fheidhm nó an úsáid a ceapadh dóibh. Léiríonn dearadh **Eero Saarinen** don **Chríochfort TWA** ag aerfort JFK i Nua-Eabhrac an fhoirm atá ar éan agus é ag eitilt. Agus déanann an dearadh de chuid **Steyn Studio** don **Bosjes Chapel** aithris ar fhoirm na sléibhte thart timpeall air. Léirítear stair na longthógála sa chathair le ***Titanic*** **Belfast**. Tá brainí long á léiriú ina dhearadh. Léirítear an fheidhm leis an fhoirm atá ar ***Juicy Salif***, an fáiscire líomóide de chuid **Philippe Starck**. Léirítear foirmeacha, dathanna agus uigeacht an tírdhreacha sa tsraith ***Nagano Mountain*** de chuid **Eddie Curtis** mar a mhothaigh an potaire iad sa chuid seo den tSeapáin.

Tá foirm an duine ina shuí á léiriú ag an ***Zigo Chair,*** cathaoir inchruachta de chuid **Ron Arad**. Tá na foirmeacha a cruthaíodh le gluaiseachtaí éagsúla dá lámh á léiriú i mbailiúchán seodra dealbhach dinimiciúil ***One Week in May*** de chuid **Lydia Hirte**. Cruthaíonn **Selen Özus** seodra eispriseach atá bunaithe ar a breathnuithe ar chruth an duine. Is minic a bhíonn an chosúlacht ar a saothar gur líníochtaí i sreang atá ann agus iad i gcodarsnacht le hachair de dhath soladach, agus cruthaítear gothaí gnúise simplí.

Bhain **Gerrit Rietveld** úsáid as dath leis an fhoirm struchtúrach agus tógáil den ***Red-Blue Chair*** aige a léiriú. Tá bunanna ar an struchtúr tacaíochta duibhe aibhsithe le buí, tá dath dearg ar na plánaí den chúl agus tá an suíochán gorm. Bhain **Renzo Piano** agus **Richard Rogers** úsáid as dathanna leis an fheidhm atá ag páirteanna éagsúla de ***Centre Georges Pompidou*** a léiriú – gorm don aer ag dul thart, buí don leictreachas ag dul thart, glas don uisce ag dul thart agus dearg do dhaoine ag dul thart.

Bhíodh foirmeacha aeraidinimiciúla a léirigh luas agus gluaisne á gcruthú sna 1930idí ag dearthóirí tionsclaíocha den **Streamline Moderne**. Tháinig an stíl chun tosaigh san ailtireacht agus sa dearadh go mall sna 1930idí. Bhí tagairtí amhairc san ailtireacht do línéir na farraige móire, le foirmeacha cuara agus línte fada cothrománacha. Tá clú agus cáil ar **Norman Bel Geddes** agus ar **Raymond Loewy** as a gcuid dearaí sruthlíneacha do charranna, busanna, agus traenacha a chuir an nua-aimsearthacht in iúl lena bhfoirmeacha cuara agus línte glana.

Caitheann rothaithe an lae inniu clogaid shruthlíneacha le friotaíocht a laghdú agus le ligean don aer taisteal níos fusa thar an duine atá á chaitheamh. Fuarthas spreagadh do dhearadh na dtraenacha piléir sa tSeapáin ón chruth shruthlíneach atá ar ghob cruidín agus léiríonn sé go físiúil luas agus gluaiseacht chun tosaigh.

Léirigh **Bernard Leach** agus **Shoji Hamada**, a bhunaigh **The Leach Pottery** na traidisiúin chultúrtha éagsúla den tSeapáin, den Chóiré, den tSín agus d'Iarthar na hEorpa. Léiríonn na málaí droma leathair den bhailiúchán ***SS16*** de chuid **Konstantin Kofta** an fhoirm atá ag mionghnéithe shnoite na hailtireachta.

Léirítear acmhainn grinn i ndearaí **Alessandro Mendini** do **Alessi** amhail an corcscriú **Anna G Zamak** leis an chomhcheangal idir cruth an duine agus réada feidhmiúla. Tá **Ann-Marie Robinson** aitheanta as an úsáid lán-eispriseach de dhathanna agus de mhaisiúcháin ina foirmeacha ceirmeacha aite déanta de láimh.

**Teicstílí**

Léiríonn ealaíontóirí teicstílí smaointe faoin inscne, fhéiniúlacht nó faoin tsochaí. Bíonn smaointe **Caren Garfen** faoi shaincheisteanna na mban san 21ú haois á léiriú ina saothar, agus go minic faigheann sí inspioráid ón difear idir saol na mban san am atá thart agus sa lá atá inniu ann. Ceistíonn na féinphortráidí le **Yoon Ji Seon** na hidéanna traidisiúnta den áilleacht trí ghothaí gnúise áibhéileacha nó díchumtha. Baineadh úsáid as an chuilteáil fosta, a amharctar uirthi mar cheard na mban, le hagóid pholaitiúil a dhéanamh.

Is iad na buarthaí atá ag **Jane Théau** faoi éagóir, faoi shaincheisteanna polaitiúla agus eacnamaíocha agus an t-athrú aeráide atá á léiriú ina saothar. Is insint ar ghéarchéim na ndídeanaithe atá sa tsaothar ***The Sea*** le **Alice Kettle**. Tá an saothar ollmhór seo bunaithe ar scéalta dídeanaithe agus lucht iarrtha tearmainn sa RA, agus seasann na greamanna amach os comhair cúlra canbháis atá daite ar dhóigh atá péintéiriúil, eispriseach.

Baintear úsáid as an tsiombalachas i dtaipéisí amhail an taipéis mheánaoiseach ***The Lady with the Unicorn*** le smaointe spioradálta a léiriú. Is iad breathnuithe **Grayson Perry** ar an aicme sa Bhreatain na linne seo an fócas atá ina chuid taipéisí. Sna taipéisí teibí de chuid **Gerhard Richter** atá bunaithe ar a phictiúir féin, baintear úsáid as dath agus uigeacht ar dhóigh ghothach a chuireann in iúl gur scríobadh cóta péinte lena dhéanamh. Is taifead físiúil iad d'imeachtaí stairiúla taipéisí amhail an ***Bayeux Tapestry***. Déanann an ***Games of Thrones Tapestry*** aithris ar an stíl seo san insint fhicseanach seo.

Is minic ar léiriú amhairc de chultúir éagsúla iad teicstílí. Aithnítear na patrúin atá ar theicstílí na **hAfraice** agus **Peiriú** díreach láithreach. Léiríonn bróidnéireachtaí dealbhacha le **Bella May Leonard** an dúshuim atá aici i dteicstílí tíre ó thíortha éagsúla. Ba é cultúr threibheachas na hAfraice a thug inspioráid do dhearaí **Maria Grazia Chiuri** agus **Pierpaola Piccioli** don taispeántas ***SS16*** de chuid **Valentino**. Is é an taithí atá ag **Jacky Puzey** ar chónaí a dhéanamh i gcultúir agus i bpobail ilchineálacha a spreagann a cuid saothair. Cumascann **Wai-Yuk Kennedy** tionchair ilchineálacha ina saothar mar scéalta na Síne agus an tírdhreach i gCorn na Breataine.

Is fada an lá atá faisean mar léiriú ar stádas, ról agus cúlra cultúrtha. Is foirm den fhéinléiriú é, a léiríonn cultúr an aosa óig, agus a nochtann creidiúintí, dearcthaí nó breithiúnais choitianta. Bhain **Katharine Hamnett** agus **Vivienne Westwood** úsáid as faisean i rith a saoil lena gcreidiúintí polaitiúla a léiriú. Chuaigh stíleanna sráide amhail **Punc** i bhfeidhm ar dhearthóirí mar **Karl Lagerfeld**, **Vivienne Westwood** agus **Jean-Paul Gaultier**.

Bíonn rithim agus fuaim an cheoil á léiriú sna teicstílí den lipéad ***Beatwoven*** le **Nadia-Anne Ricketts** le patrúin gheoiméadracha fite a bhaineann úsáid as teicneolaíocht chódaithe na fuaime.

Tá péintéireacht ghothach agus péinteáil trí scáileán measctha le chéile sa tsaothar ***Art to Wear*** le **Carole Waller**. Baineann **Ffion Lewis** úsáid as priontaí agus greamanna le marcanna uigeacha a dhéanamh ar phíosaí móra de teicstílí dealbhacha dá cuid le gnéithe d'áiteanna cois farraige a léiriú. Chuaigh dathanna na Fauves i bhfeidhm ar shaothar **Sonia Delaunay**, lena léiriú den fhoirm agus dath agus rithim atá le feiceáil fosta ina cuid péintéireachta teibí.

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.